Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2026**
**(OR. en)**

**5290/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0102(NLE)**

**AELE 3**
**AND 2**
**SM 2**
**MI 15**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus 218(7) agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Nollaig 2014, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún Eorpach caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir le Comhaontú Comhlachais le Prionsacht Andóra ('Andóra'), le Prionsacht Mhonacó ('Monacó') agus le Poblacht San Mairíne ('San Mairíne'). Rinneadh an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta an 16 Nollaig 2014.

(2) An 17 Meán Fómhair 2023, chomhaontaigh Monacó agus an Coimisiún an chaibidlíocht a chur ar fionraí tar éis don dá thaobh a thabhairt faoi deara nárbh fhéidir teacht ar réiteach, ar thaobh amháin, idir treoracha caibidlíochta an Choimisiúin agus, ar an taobh eile, na teorainneacha a leag Monacó síos, arb é is aidhm dóibh go háirithe dálaí maireachtála, oibre agus tithíochta a náisiúnach sa tír a choinneáil gan athrú.

(3) Agus na dlúthnaisc stairiúla, gheografacha, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha idir an tAontas, Andóra agus San Mairíne á gcur san áireamh, chomh maith leis an mian atá acu a gcaidreamh a dhoimhniú, a éagsúlú agus a chothú trí chreat dlíthiúil cuimsitheach comhleanúnach a bhunú, tugadh an chaibidlíocht le hAndóra agus San Mairíne i gcrích go rathúil an 12 Nollaig 2023.

(4) Leis an gComhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile, (‘an Comhaontú Comhlachais’), déantar foráil maidir le rannpháirtíocht Andóra agus San Mairíne i margadh inmheánach an Aontais agus sna beartais chothrománacha agus tionlacain ghaolmhara, agus an tráth céanna cuirtear é in ionad na n-aontas custaim atá ann faoi láthair idir an tAontas agus an dá cheann de na tíortha sin. Áirítear sa Chomhaontú Comhlachais freisin creat le haghaidh comhar a d’fhéadfadh a bheith ann lasmuigh de na ceithre shaoirse i réimsí comhair amhail taighde agus forbairt theicneolaíoch, oideachas, oiliúint agus an óige, beartas sóisialta, comhshaol, cosaint tomhaltóirí, cultúr, agus beartas réigiúnach.

(5) Chun feidhmiú éifeachtach mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú, déantar foráil sa Chomhaontú Comhlachais maidir le hailíniú dinimiciúil rialála. , Áirítear sa Chomhaontú Comhlachais freisin forálacha lena mbunaítear sásra um réiteach díospóidí ina mbeidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inniúil i ndíospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais.

(6) Cuirtear staid Andóra agus San Mairíne mar tíortha bheaga san áireamh, i gcomhréir le Dearbhú Uimh. 3 maidir le hAirteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’) agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’). Léirítear é sin le roinnt oiriúnuithe ar fhorálacha ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, agus le roinnt idirthréimhsí chun codanna de *acquis* an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

(7) Ceadaítear le Creat-Phrótacal 3 maidir le seirbhísí airgeadais atá i gceangal leis an gComhaontú Comhlachais (Creat-Phrótacal 3) rochtain chéimnithe ar mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais, trína bhféadfaidh Andóra agus San Mairíne cinneadh a dhéanamh gan rochtain a lorg ar mhargadh inmheánach iomlán an Aontais le haghaidh seirbhísí airgeadais. Níor cheart féidearthacht den sórt sin a bheith ann níos faide ná 15 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais.

(8) I bhfianaise shainiúlachtaí Andóra agus San Mairíne agus na rialacha agus na bhforálacha sonracha gaolmhara a tugadh isteach chun freastal ar chomhtháthú margaidh ordúil fónta, is gá rochtain ar an margadh i réimse na seirbhísí airgeadais a chur faoi réir coimircí sonracha sa bhreis ar na coimircí lena rialaítear an caidreamh idir na Ballstáit sa mhargadh inmheánach, go háirithe i ndáil leis na ceanglais maidir le soláthar áitiúil seirbhísí in Andóra agus San Mairíne agus cumhachtaí éigeandála an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], nó an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (ÚSAC) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ('na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha').

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

[4] Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart rochtain ar mhargadh inmheánach an Aontais i seirbhísí airgeadais a bheith ag brath ar mheastóireacht chuimsitheach ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach *acquis* an Aontais maidir leis an earnáil airgeadais agus ar stóinseacht chreataí rialála agus maoirseachta Andóra agus San Mairíne agus beidh ar an gCoimisiún moladh dearfach a ghlacadh gur comhlíonadh na coinníollacha riachtanacha ar fad a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais, agus tuairimí na nÚdarás Maoirseachta Eorpach ábhartha agus an Bhoird á gcur san áireamh. Ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ábhartha agus an Bord Réitigh Aonair meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar earnáil airgeadais Andóra agus San Mairíne faoi fhormhaoirseacht an Choimisiúin, i gcomhréir le Creat-Phrótacal 3 agus de réir an nós imeachta a leagtar amach sa Chinneadh seo maidir leis na critéir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar maoirseachta agus an mhodheolaíocht a bhunú chun measúnú den sórt sin a dhéanamh.

(10) Ba cheart an Comhaontú Comhlachais a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go páirteach, i gcomhréir le hAirteagal 112 de, Airteagal lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhlachais sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i bhfeidhm.

(11) Ní dhéanfaidh síniú an Chomhaontaithe Comhlachais thar ceann an Aontais difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart a léiriú leis an gCinneadh seo gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir leis na réimsí a chumhdaítear faoin gComhaontú Comhlachais a thagann faoi inniúlachtaí roinnte sa mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach fós.

(12) Ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm sealadach codanna den Chomhaontú difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

(13) Is iomchuí coinníollacha sonracha ionadaíocht an Aontais sa Choiste Comhlachais, sna Comhchoistí agus comhlachtaí eile, arna mbunú leis an gComhaontú Comhlachais, a shainiú. Tá an Coimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 17(1) CAE, le hionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas agus seasamh an Aontais a chur in iúl i gcomhréir leis na Conarthaí.

(14) Is iomchuí freisin, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, na coinníollacha sonracha a shainiú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí arna mbunú leis an gComhaontú Comhlachais chun a áirithiú go ndéanfar na gníomhartha dlí arna nglacadh ag an Aontas sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais a ionchorprú sa Chomhaontú Comhlachais a luaithe is féidir tar éis a nglactha agus a dtarchurtha chuig Andóra agus San Mairíne d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirfear gníomhartha dlí den sórt sin i bhfeidhm go comhuaineach san Aontas Andóra agus San Mairíne,.

(15) Is iomchuí freisin údarú a thabhairt don Choimisiún, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú Comhlachais atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Comhlachais. Cinntí eile atá le glacadh ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, ba cheart iad a fhormheas, thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

(16) D'fhonn a chur ar chumas an Aontais gníomhaíocht mhear éifeachtach a dhéanamh chun a leasanna a chosaint i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais, ba cheart don Choimisiún Eorpach, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe Comhlachais, bearta cúitimh a ghlacadh i ndáil le cur i bhfeidhm mícheart an Chomhaontaithe Comhlachais, bearta coimirce a ghlacadh i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha agus comhshaoil de chineál réigiúnach arb é is cúis leo cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais, bearta athchothromúcháin nó bearta coimirce i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine a dhéanann difear don Aontas nó bearta athchothromúcháin, bearta coimirce tobac agus bearta athchothromúcháin lena n-áirítear cur i bhfeidhm beart slándála custaim a chur ar fionraí, a ghlacadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart cearta na Comhairle a chaomhnú trí nós imeachta comhairliúcháin.

(17) Ba cheart an Comhaontú Comhlachais a shíniú agus ba cheart an Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas agus ó Andóra maidir le saorghluaiseacht daoine agus Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas agus ó Andóra maidir le haeriomparatá i gceangal leis an gCinneadh seo a dhéanamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, mar pháirtithe ar leith, den pháirt eile, a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích[5*].

*Airteagal 2*

1. Formheastar leis seo Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas agus ó Andóra maidir le saorghluaiseacht daoine agus Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas agus ó Andóra maidir le haeriompar atá i gceangal leis an gCinneadh seo

2. Tugann an Chomhairle dá haire na dearbhuithe seo a leanas ó Andóra:

   (i) Dearbhú ó Andóra maidir le hearnáil an tobac; agus

   (ii) Dearbhú ó Andóra maidir le staid ar leith Andóra agus maidir leis an tsláindáil agus an beartas poiblí a choimirciú.

---

5 Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in IO L, …, ELI: …
* Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 11787/2024 INIT.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais, sna Comhchoistí, sna Fochoistí um Chomhar Custaim, sna Fochoistí um Shábháilteacht Bia agus um Chúrsaí Tréidliachta agus Fíteashláintíochta, sna Fochoistí um Sheirbhísí Airgeadais, agus san Fhochoistí um Staidrimh, comh maith le haon fhochoiste eile agus aon mheitheal bhreise arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 76(8) den Chomhaontú Comhlachais.

2. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais i gcomhlachtaí arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas go tráthúil faoi na pléití agus faoi thoradh na gcruinnithe agus faoi na gníomhartha arna nglacadh sna cruinnithe sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 4*

1. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún togra a mheasann an Coimisiún a thagann faoi réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais a chur faoi bhráid na Comhairle, léireoidh sé, tar éis a ghlactha, go bhfuil cur i bhfeidhm ghníomh dlí an Aontais a eascraíonn as an togra sin le leathnú go hAndóra agus go San Mairíne.

2. Glacfaidh an Coimisiún na seasaimh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh na Comhchoistí a bhunaítear in Airteagal 76 den Chomhaontú Comhlachais a mhéid a bhaineann le cinntí na gComhchoistí sin lena leathnaítear cur i bhfeidhm ghníomhartha dlí an Aontais go hAndóra agus San Mairíne faoi seach, faoi réir aon choigeartú teicniúil is gá.

3. Maidir le cinntí na gComhchoistí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ag a bhfuil feidhm dhlíthiúil seachas na héifeachtaí sin dá dtagraítear sa mhír sin, glacfar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE.

*Airteagal 5*

1. Chun na critéir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar maoirseachta agus an mhodheolaíocht chun measúnú den sórt sin a dhéanamh faoi Airteagal 10 de Chreat-Phrótacal 3 a bhunú, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Tarchuirfidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha na dréachtchritéir mheasúnaithe agus an dréachtmhodheolaíocht chuig an gCoimisiún.

3. Glacfaidh an Coimisiún tuairim maidir leis na dréachtchritéir chun measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar maoirseachta agus maidir leis an dréacht-mhodheolaíocht chun measúnú den sórt sin a dhéanamh. Tarchuirfidh sé a thuairim chuig na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus chuig an gComhairle mar eolas.

4. Tabharfar lánaird sna critéir agus sa mhodheolaíocht dá dtagraítear i mír 1 ar an tuairim arna glacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 3. I gcás ina n-imíonn Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha go suntasach ón tuairim ón gCoimisiún, lena n-áirítear aon mholadh atá inti, tabharfaidh siad míniú lánréasúnaithe ina leith.

*Airteagal 6*

Sula nglacfaidh an tÚdarás Maoirseachta Eorpach cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Chreat-Phrótacal 3, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas agus cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl don Chomhairle.

*Airteagal 7*

1. Is i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe Comhlachais a dhéanfaidh an Coimisiún aon chinneadh ón Aontas maidir leis na bearta seo a leanas a dhéanamh:

   (a) bearta cúitimh i gcás ina gcuirtear an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm go mícheart d'fhonn míchothromaíochtaí a leigheas i gcomhréir le hAirteagal 90(7) den Chomhaontú Comhlachais;

(b) bearta coimirce i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál réigiúnach a bheith ann arb é cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais is cúis leo agus ar dócha go leanfaidh siad ar aghaidh, nó bearta athchothromúcháin i gcomhréir le hAirteagal 97 den Chomhaontú Comhlachais;

(c) bearta coimirce i gcás ionsaí sceimhlitheoireachta nó tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéanamh an duine a dhéanann difear don Aontas, nó bearta athchothromúcháin i gcomhréir le hAirteagal 98 den Chreat-Chomhaontú;

(d) bearta coimirce tobaic i gcomhréir le hAirteagal 12 de Phrótacal Andóra;

(e) bearta athchothromúcháin, lena n-áirítear cur i bhfeidhm beart slándála custaim a chur ar fionraí, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Phrótacal Andóra.

2. I gcás ina bhfuil sé ar intinn aige aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún, go tráthúil, faisnéis leordhóthanach a sholáthar don Chomhairle d’fhonn malartú tuairimíochta fóinteach sa Chomhairle a cheadú. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh go hiomlán na tuairimí a chuirtear in iúl. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 8*

1. Faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhlachais ar dháta níos déanaí agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, cuirfear codanna den Chomhaontú Comhlachais i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) den Chomhaontú Comhlachais, ón gcéad lá tar éis na míosa ina dtaisceann Páirtí Conarthach a ionstraimí daingniúcháin, tabhairt i gcrích nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mura dtabharfaidh Páirtí Conarthach eile fógra nár cheart an cur i bhfeidhm sealadach sin a dhéanamh.

2. Foilseofar an dáta óna mbeidh an Comhaontú Comhlachais le cur i bhfeidhm ar bhonn sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Mura gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis an gcur i bhfeidhm sealadach idir na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus Airteagal 112(2) den Chomhaontú Comhlachais, cuirfear an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm idir an tAontas agus ceann de na Stáit Chomhlachaithe eile ón gcéad lá den dara mí tar éis na míosa inar thaisc an Aontais, a Bhallstáit nó an tAontas agus a Bhallstáit nó Andóra nó San Mairíne a ionstraimí daingniúcháin, tabhairt i gcrích nó formheasa le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mura dtabharfaidh ceachtar den Aontais, an Aontais, a Bhallstáit nó an tAontas agus a BhallstáitPáirtí, nó Andóra nó San Mairíne fógra nach féidir an cur i bhfeidhm sealadach sin a dhéanamh.

*Airteagal 9*

Chun críocha Airteagal 7 den Chinneadh seo, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus i gcomhréir le hAirteagal 112(2) agus 112(3) den Chreat-Chomhaontú, cuirfear an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm ar bhonn sealadach idir an tAontas agus Andóra agus San Mairíne, faoi seach, cé is moite d'ábhair nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3 CFAE agus arb iad na hábhair seo a leanas iad chun críoch an Chinnidh seo:

(a) Airteagail 27 go 32 de Chaibidil 5 de Chuid II den Chomhaontú Comhlachais, a mhéid a bhaineann na hAirteagail sin le hinfheistíochtaí indíreacha agus nach ndéanann siad difear do rialacha comhchoiteanna ná nach n-athraíonn siad a raon feidhme;

(a) Airteagal 63 de Chaibidil 5 de Chuid V den Chomhaontú Comhlachais, Airteagal 63 a mhéid nach ndéanann an tAirteagal sin difear do rialacha comhchoiteanna nó nach n-athraíonn sé a raon feidhme.

*Airteagal 10*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*